Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8336/24**

**ECOFIN 371**
**FIN 320**
**UEM 71**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil speisialta Uimh. 26/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:<br>'Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta — dul chun cinn sa chur chun feidhme á thomhas, ach ní leor é chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhmíocht'<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. An 24 Deireadh Fómhair 2023, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil speisialta Uimh. 26/2023 dar teideal 'Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta — dul chun cinn sa chur chun feidhme á thomhas, ach ní leor é chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhmíocht'[1].

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta de chuid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[2] an 23 Samhain 2023 thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais, an tuarascáil speisialta dá dtagraítear thuas a scrúdú.

3. An 27 Feabhra 2024, chuir ionadaithe ón gCúirt Iniúchóirí an tuarascáil speisialta faoi bhráid Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais a bhfuil tús curtha aici leis an bplé fúithi.

[1] Tá an tuarascáil speisialta seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
[2] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

4. An 27 Márta 2023, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú i ndáil leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 26/2023 ón gCúirt.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis an nóta seo a fhormhuiniú agus iad a tharchur chuig an gComhairle lena nglacadh mar mhír 'A' ag cruinniú na Comhairle (ECOFIN) an 12 Aibreán.

**DRÉACHT (an dara hathbhreithniú)**

# Conclúidí ón gComhairle

## maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 26/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

## dar teideal 'Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta — dul chun cinn sa chur chun feidhme á thomhas, ach ní leor é chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhmíocht'

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI tuarascáil speisialta Uimh. 26/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) agus CUIREANN SÍ fionnachtana agus moltaí na Cúirte SAN ÁIREAMH.

2. MEABHRAÍONN SÍ go dtugtar don Chúirt, leis na Conarthaí, na cuntais ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Aontais a scrúdú. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach cur chun feidhme ceart chaiteachas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a áirithiú chun cuntasacht agus trédhearcacht a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin muinín na saoránach a fheabhsú. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirtear faisnéis agus léargais luachmhara ar fáil sna tuarascálacha speisialta ón gCúirt maidir le gnéithe sonracha de RRF.

3. IARRANN SÍ ar na húdaráis iniúchóireachta ábhartha an comhchuibhiú agus an chomhréireacht a áirithiú i gcleachtais iniúchóireachta agus forluí neamhriachtanach a sheachaint, trí chomhordú níos láidre, maidir le comhlíonadh garspriocanna agus spriocanna a rialú.

4. MEABHRAÍONN SÍ gur cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF agus gnóthú chuspóirí na saoráide a thomhas. MEASANN SÍ gur cheart don fhaireachán a dhéanann an Coimisiún a bheith spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi RRF.

5. MEABHRAÍONN SÍ, thairis sin, gurb é atá sa scórchlár téarnaimh agus athléimneachta ('an Scórchlár'), córas tuairiscithe feidhmíochta RRF. MEABHRAÍONN SÍ go léirítear sa Scórchlár an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát ó thaobh garspriocanna agus spriocanna a bheith á mbaint amach agus ó thaobh na dtáscairí coiteanna a thuairiscítear faoi gach ceann de na sé cholún. Chuige sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugann na Ballstáit tuairisc, dhá uair sa bhliain, ar tháscairí coiteanna, agus go bhfoilsíonn an Coimisiún na sonraí sin sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta agus sna tuarascálacha bliantúla.

6. MEABHRAÍONN SÍ, cé gur ar bhonn chostais mheasta iomlána na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a cinneadh an ranníocaíocht airgeadais leis na pleananna sin, gur ionstraim feidhmíochtbhunaithe í RRF, ina bhfuil na híocaíochtaí nasctha le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna seachas leis na costais arna dtabhú ag na Ballstáit chun na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh. Gan dochar don cheart atá ag an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh i gcás calaoise, éillithe, coinbhleachta leasa nó cistithe dhúbailte ó RRF, MEABHARAÍONN SÍ nár cheart íocaíochtaí a bheith faoi réir rialuithe ar na costais arna dtabhú go hiarbhír ag na tairbhithe.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur scrúdaíodh in iniúchadh sin na Cúirte cibé an raibh creat faireacháin RRF iomchuí chun feidhmíocht na saoráide a thomhas, go háirithe: (1) cibé an raibh gnéithe de chreat faireacháin RRF oiriúnach chun feidhmíocht RRF a thomhas; (2) cibé an raibh socruithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun cáilíocht sonraí a áirithiú; agus (3) cibé an raibh faisnéis iomchuí agus thráthúil á cur ar fáil i dtuarascálacha an Choimisiúin agus na mBallstát.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha na tuarascála speisialta, go háirithe:

– go gcuidíonn garspriocanna agus spriocanna mar aon le táscairí coiteanna le dul chun cinn sa chur chun feidhme a thomhas, ach go bhfuil siad srianta ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán;

– go ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit socruithe chun cáilíocht na sonraí a áirithiú, tríd is tríd, ach go raibh easnaimh ann;

– go ndearnadh na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, den chuid is mó, ach go raibh teorainn leis an bhfaisnéis ar an dul chun cinn agus go raibh laigí sa Scórchlár.

9. CUIREANN SÍ moltaí na Cúirte SAN ÁIREAMH, eadhon:

– go ndéanfaí creat cuimsitheach faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta a áirithiú agus ionstraimí á gceapadh bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais;

– go gcuirfí feabhas ar cháilíocht na sonraí a thugtar faoi na táscairí coiteanna;

– go gcuirfí feabhas ar thrédhearcacht agus cáilíocht na sonraí a thuairiscítear sa Scórchlár;

– go ndéanfaí tuairisciú níos eolasaí agus níos comhleanúnaí a áirithiú.

10. MEASANN SÍ go dtéann cuid de na moltaí sin thar cheanglais Rialachán RRF. TÁ SÍ DEN TUAIRIM, áfach, go bhféadfaidís léargais úsáideacha a thabhairt i dtaobh creataí faireacháin agus meastóireachta a cheapadh le haghaidh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freagraí an Choimisiúin ar na fionnachtana agus ar na moltaí a áirítear sa tuarascáil ón gCúirt. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go nglacann an Coimisiún le formhór na moltaí ón gCúirt agus go bhfuil go leor de na moltaí sin á gcur chun feidhme aige i láthair na huaire.

12. MOLANN SÍ don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit:

– breathnú go grinn ar impleachtaí na gceanglas faireacháin agus tuairiscithe feidhmíochta ó thaobh costas agus ualach riaracháin de;

– bealaí nithiúla a shainaithint chun an próiseas tuairiscithe a chuíchóiriú, chun dúbláil a sheachaint, chun an obair riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na hionstraime a laghdú agus chun a áirithiú go mbeidh tairbhithe chistiú an Aontais faoi réir cheanglais chomhréireacha tuairiscithe, agus é á áirithiú ag an am céanna, go leanfar de leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

– tuilleadh feabhais a chur ar shoiléire agus ar cháilíocht na sonraí a thuairiscítear sa Scórchlár;

– breis faisnéise a mbeidh fáil uirthi maidir le garspriocanna agus spriocanna, idir iad siúd atá faoi réir agus iad siúd a bhfuil moill orthu, in aghaidh an cholúin a chur san áireamh i dtuairisciú amach anseo ar chur chun feidhme RRF.

13. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá córas éifeachtach chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht RRF chun gnóthú chuspóirí na saoráide agus éifeachtúlacht na saoráide a thomhas agus chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn iarbhír atá déanta ar an láthair.